2024/2619

9.10.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2619 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') athbhreithniú a dhéanamh ar na MRLanna uile atá ann cheana le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Ós rud é go ndíghrádaítear na trí shubstaint ghníomhacha sin go dtí aigéad fosfónach, b'iomchuí measúnú a dhéanamh ar a n-iarmhair i gcomhpháirt.

(3) Anuas ar a n-úsáid mar shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí, is comhábhair iad fosfónáití potaisiam freisin i dtáirgí eile atá ábhartha ó thaobh na talmhaíochta de (e.g. leasacháin, treiseoirí plandaí, aoileach, leasuithe ithreach). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhair d'aigéad fosfónach á mbrath i dtáirgí talmhaíochta ábhartha mar thoradh ar chóireáil údaraithe plandaí le táirgí den sórt sin, agus is iomchuí an sciar a thagann ó na húsáidí eile sin seachas na húsáidí a bhaineann le cosaint plandaí a chur san áireamh nuair atá na MRLanna ábhartha á socrú. Dá bhrí sin d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim réasúnaithe a thabhairt uaidh, i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, maidir leis an athbhreithniú i gcomhpháirt ar na MRLanna le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam, agus na hiarmhair ó fhoinsí eile seachas na hiarmhair ó úsáid táirgí cosanta plandaí á gcur san áireamh.

(4) Chuir an tÚdarás isteach tuairim réasúnaithe uaidh maidir leis an athbhreithniú i gcomhpháirt ar na MRLanna le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i gcomhréir le hAirteagal 12(1) agus Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([2]). Sa tuairim uaidh, mhol an tÚdarás an sainmhíniú ar iarmhar chun críoch forfheidhmithe a athrú i gcás na dtrí shubstaint ghníomhacha ó 'Foiseitil-A1 (an tsuim d'fhoiseitil, aigéad fosfónach agus a salainn, arna sloinneadh mar fhoiseitil)' go dtí 'aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach', agus mhol sé MRLanna nua atá bunaithe ar an sainmhíniú sin ar iarmhar. Measann an Coimisiún gur iomchuí an sainmhíniú nua sin ar iarmhar a bhunú agus na MRLanna a shocrú ag an leibhéal arna shainaithint ag an Údarás dá réir.

(5) Chuir ionadaithe ó shaotharlanna oifigiúla agus ó oibreoirí gnólachtaí bia an Coimisiún ar an eolas go bhféadfaí iarmhair na máthairshubstainte 'foiseitil' a bhrath i mbarra áirithe in imthosca áirithe agus dá scriosfaí 'foiseitil' ón sainmhíniú ar iarmhar chun críoch forfheidhmithe i gcás na dtrí shubstaint ghníomhacha, bheadh mar iarmhairt neamhbheartaithe air sin go mbeadh feidhm ag an MRL réamhshocraithe, 0,01 mg/kg, maidir leis na hiarmhair sin.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) *Reasoned opinion on the joint review of maximum residue levels (MRLs) for fosetyl, disodium phosphonate and potassium phosphonates according to Articles 12 and 43 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú i gcomhpháirt ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás foiseitile, fosfónáit déshóidiam agus fosfónáití potaisiam de réir Airteagail 12 agus 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(8):6782).

(6) Dá bhrí sin, níor cheart brath foiseitile a chur san áireamh agus maidir leis an luach réamhshocraithe, 0,01 mg/kg, de réir Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, níl feidhm aige. Tá feidhm ag an MRL le haghaidh a meitibilíte aigéad fosfónach.

(7) Thug Saotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh dá n-aire gur féidir na teorainneacha cinnidh ('LODanna') seo a leanas a bhaint amach go teicniúil: 0,1 mg/kg i maitrísí de bhunadh plandaí a bhfuil cion ard uisce acu agus i maitrísí aigéadacha de bhunadh plandaí, 0,2 mg/kg i maitrísí de bhunadh plandaí a bhfuil cion ard saille acu agus maitrísí de bhunadh plandaí atá tirim nó a bhfuil cion ard stáirse acu, 0,05 mg/kg i mbainne, 0,2 mg/kg i saill agus 0,5 mg/kg san ae, sa duán agus sa mheatán. Mar sin féin, i bhfianaise mharthanacht iarmhair na substaintí sin, agus i bhfianaise an iliomad foinse iarmhar a d'fhéadfadh a bheith ann, measadh gur iomchuí an leibhéal is ísle atá ann cheana a choinneáil ar bun ag 2 mg/kg, arna choigeartú go dtí leibhéal 1,5 mg/kg chun an sainmhíniú athbhreithnithe ar iarmhar a chur san áireamh. I gcás taenna, caife insiltí luibhe, cócó agus carúb, is iomchuí MRL is ísle de 20 mg/kg chun teacht chun cinn aigéid fosfónaigh ó na foinsí eile sin a chur san áireamh.

(8) Maidir leis an MRL le haghaidh oráistí, seadóg, úll, piorraí, anann, guird a bhfuil craiceann do-ite orthu agus piseanna tirime, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann faoi thrialacha ar iarmhair nach raibh ar fáil agus dá bhrí sin gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh féachaint an bhféadfaí na MRLanna sin a shocrú. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna sin a shocrú. Dá bhrí sin déanfar athbhreithniú ar na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo.

(9) Maidir leis na MRLanna le haghaidh dátaí, figí, cumcuataí, torthaí réaltúla, plumaí Iáva, lítsíonna, páiseoga, piorraí deilgneacha, réalt-úlla, dátphlumaí Meiriceánacha, papánna, céiriomoighe, guábhaí, torthaí aráin, dúraíoch, úlla deilgneacha, casabhach, ionam, ararúit, bliosáin ghréine, meacain bhána, fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg, salsaibh, svaeideanna, turnapaí, ocra, duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla, biolair, pónairí úra (gan faighneoga), lintilí úra, cardún, soilire, finéil, péacáin bhambú, croíthe pailme, caonach agus léicean, algaí agus orgánaigh phrócaróit, lintilí tirime, piseanna tirime, lúipíní, olashíolta, eithní pailme ola, torthaí pailme ola, capaic, eorna, arbhar Indiach/arbhar, muiléad coiteann, coirce, sorgaim, pónairí caife, insiltí luibhe (ó bhláthanna, ó fhréamhacha), pónairí cócó, carúb, spíosraí (ó choirt, ó fhréamhacha agus ó riosóm, ó bhachlóga, ó phistil bláthanna, ó arail), fréamhacha biatas siúcra agus cánaí siúcra, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann faoi shonraí faireacháin nach raibh ar fáil agus dá bhrí sin gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh féachaint an bhféadfaí na MRLanna sin a shocrú. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna sin a shocrú. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 5 bliana tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo.

(10) Maidir leis an MRL le haghaidh prátaí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann faoi staidéir phróiseála i ndáil le dramhaíl phróiseála agus laíon triomaithe nach raibh ar fáil agus dá bhrí sin gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh féachaint an bhféadfaí an MRL sin a shocrú. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart an MRL sin a shocrú. Déanfar athbhreithniú ar an MRL le haghaidh prátaí; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo.

(11) Sa tuairim réasúnaithe uaidh, níor mhol an tÚdarás MRLanna sonracha le haghaidh na gcatagóirí 'eile' de chuid na ngrúpaí éagsúla táirgí plandaí agus ainmhíoch. I bhfianaise mharthanacht iarmhair na substaintí sin, agus i bhfianaise an iliomad foinse iarmhar a d'fhéadfadh a bheith ann, is iomchuí, dá bhrí sin, na MRLanna sin a shocrú ag an MRL is ísle is infheidhme maidir le ceann de na táirgí laistigh den ghrúpa céanna táirgí sin.

(12) A mhéid a bhaineann leis an MRL le haghaidh 'Solanaceae agus Malvaceae, eile', chuir Ballstát amháin an Coimisiún ar an eolas gur ann d'údarú maidir le foiseitil le haghaidh an ghrúpa 'glasraí a thugann torthaí' de chuid Solanaceae ar chríoch an Stáit. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL sin a shocrú ag 70 mg/kg dá réir.

(13) A mhéid a bhaineann leis an MRL le haghaidh 'leitísí agus plandaí sailéid, eile', chuir Ballstát amháin an Coimisiún ar an eolas gur ann d'údarú maidir leis na substaintí sin le haghaidh an ghrúpa 'leitísí agus plandaí sailéid' ar chríoch an Stáit. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL sin a shocrú ag 150 mg/kg dá réir.

(14) Sa tuairim réasúnaithe uaidh, níor mhol an tÚdarás MRLanna sonracha le haghaidh na gcatagóirí 'scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)' sna grúpaí éagsúla de tháirgí ainmhíocha. Chun a áirithiú go mbunófar na MRLanna sin ag leibhéal réalaíoch, is iomchuí iad a shocrú ag an uasleibhéal MRL is infheidhme maidir le ceann de na táirgí laistigh den ghrúpa céanna táirgí sin.

(15) Sa tuairim réasúnaithe uaidh, níor mhol an tÚdarás MRLanna sonracha le haghaidh an ghrúpa 'ainmhithe talún feirme eile'. Ós rud é go socraítear na MRLanna sin ag na luachanna céanna agus na MRLanna le haghaidh an ghrúpa 'bó-ainmhithe', is iomchuí dá bhrí sin na MRLanna sin a shocrú dá réir.

(16) Ós rud é nár sainaithníodh aon riosca do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(17) Tráth a bhí an measúnú á dhéanamh ar fhoiseitil, fosfónáit déshóidiam agus fosfónáití potaisiam de réir Airteagal 12(1) agus Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus sular bunaíodh go dlíthiúil an sainmhíniú nua ar iarmhar chun críoch forfheidhmithe atá beartaithe, cuireadh isteach roinnt iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 inar iarradh modhnuithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i ndáil le torthaí citris, aibreoga, silíní, plumaí, seardais/duilleoga biatais, insiltí luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna, agus mil.

(18) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin uile agus chuir siad na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(19) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta. Rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe uaidh maidir leis na MRLanna atá beartaithe ([3]). Chuir sé na tuairimí réasúnaithe sin uaidh ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

(20) Sna tuairimí réasúnaithe uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár leor na sonraí a chuir an t-iarratasóir isteach maidir leis na substaintí gníomhacha sin in aibreoga chun MRL nua a shocrú. A mhéid a bhaineann le táirgí eile, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur ghá an bainistiú riosca a chur san áireamh chun na MRLanna iomchuí a bhunú i bhfianaise an tsainmhínithe ar iarmhar chun críoch forfheidhmithe a bunaíodh. Ós rud é gur mhol an tÚdarás an sainmhíniú ar iarmhar chun críoch forfheidhmithe a athrú i gcás na dtrí shubstaint ghníomhacha ó 'Foiseitil-A1 (an tsuim d'fhoiseitil, aigéad fosfónach agus a salainn, arna sloinneadh mar fhoiseitil)' go dtí 'aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach', is iomchuí na MRLanna nua a shocrú ar bhonn an tsainmhínithe sin ar iarmhar.

(21) Ina theannta sin, ós rud é go ndearnadh na measúnuithe i gcomhthráth agus go raibh siad bunaithe ar Dhea-Chleachtais Talmhaíochta éagsúla agus ar thacair sonraí éagsúla, mhol an tÚdarás luachanna éagsúla MRL le haghaidh an táirge chéanna i gcuid de na tuairimí réasúnaithe uaidh. Dá bhrí sin, bhí gá ag an gCoimisiún le treoraíocht bhreise ón Údarás maidir leis na MRLanna iomchuí a bhí le breithniú le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i gcásanna inar díorthaíodh luachanna éagsúla i dtuairimí réasúnaithe ar leithligh, agus i bhfianaise an tsainmhínithe nua ar iarmhar chun críoch forfheidhmithe 'aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach', a mhol an tÚdarás. Iarradh ar an Údarás freisin athmheasúnú a dhéanamh ar an MRL le haghaidh foiseitile i gcíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí), MRL a bunaíodh le déanaí le Rialachán (AE) 2022/1324 ón gCoimisiún ([4]) i bhfianaise an tsainmhínithe nua ar iarmhar atá beartaithe.

([3]) *Reasoned opinion on the modification of the existing MRLs for potassium phosphonates in lemons, limes and mandarins and in herbal infusions from leaves and herbs* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú na MRLanna atá ann cheana le haghaidh fosfónáití potaisiam i líomóidí, líomaí agus mandairíní agus in insiltí luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(6):6673).
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for fosetyl/phosphonic acid in citrus fruits resulting from the use of potassium phosphonates [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú na n-uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh foiseitile/aigéad fosfónach i dtorthaí citris de thoradh úsáid fosfónáití potaisiam] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(11):6926).
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for fosetyl/phosphonic acid in chards/beet leaves and honey resulting from the use of potassium phosphonates [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú na n-uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh foiseitile/aigéad fosfónach i seardas/duilleoga biatais agus i mil de thoradh úsáid fosfónáití potaisiam] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):6992).
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for fosetyl/phosphonic acid in apricots, cherries and plums resulting from the use of potassium phosphonates [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú na n-uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh foiseitile/aigéad fosfónach in aibreoga, i silíní agus i bplumaí de thoradh úsáid fosfónáití potaisiam] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):7106).

([4]) Rialachán (AE) 2022/1324 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhair le haghaidh beinsivindéfhluipire, boscailide, feanasacuine, fluasafop-P, fluipiridhéfhúróin, flocsaipiorocsad, foiseitil-Al, isifeitimíde, meataflumasóin, pireaclóstróibine, spiriteitreamat, tolclófos-meitile i dtáirgí áirithe nó orthu (IO L 200, 29.7.2022, lch. 68, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1324/oj).

(22) Chuir an tÚdarás isteach ráiteas eolaíoch ([5]) maidir leis na MRLanna le haghaidh foiseitile, fosfónáit déshóidiam agus fosfónáití potaisiam i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) i ndáil le gach táirge a cumhdaíodh leis na tuairimí réasúnaithe ábhartha, cé is moite d'aibreoga, ar ina leith a tháinig an tÚdarás ar an gconclúid roimhe sin nár leor na sonraí a soláthraíodh chun MRL nua a shocrú.

(23) Maidir leis na modhnuithe uile ar na MRLanna le haghaidh na substaintí sin, modhnuithe a d'iarr na hiarratasóirí i ndáil le torthaí citris, silíní, plumaí, seardas/duilleoga biatais, insiltí luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna, agus mil, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid sa ráiteas uaidh gur comhlíonadh na ceanglais sonraí uile agus go raibh na modhnuithe sin inghlactha maidir le sábháilteacht tomhaltóirí ar bhonn measúnú ar nochtadh tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha na substaintí. Le nochtadh ar feadh an tsaoil do na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia uile a bhféadfadh siad a bheith iontu, agus le nochtadh ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léirítear nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha ná an ghéardháileog thagartha.

(24) Ina dhiaidh sin, cuireadh isteach iarratas eile de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 inar iarradh modhnuithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh na substaintí gníomhacha sin i ndáil le cainneanna agus oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil.

(25) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas sin agus chuir sé an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(26) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta. Rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe uaidh maidir leis na MRLanna atá beartaithe ([7]). Chuir sé an tuairim réasúnaithe uaidh ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(27) Maidir leis na modhnuithe uile a d'iarr an t-iarratasóir ar na MRLanna le haghaidh na substaintí sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid sa tuairim réasúnaithe uaidh gur comhlíonadh na ceanglais sonraí uile agus go raibh na modhnuithe sin inghlactha maidir le sábháilteacht tomhaltóirí ar bhonn measúnú ar nochtadh tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha na substaintí. Le nochtadh ar feadh an tsaoil do na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia uile a bhféadfadh siad a bheith iontu, agus le nochtadh ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léirítear nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha ná an ghéardháileog thagartha.

(28) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe agus an ráitis ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna inghlactha.

(29) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na barúlacha uathu san áireamh.

(30) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(31) Maidir leis na substaintí gníomhacha uile a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí atá curtha ar an margadh san Aontas sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.

([5]) *Scientific statement on the maximum residue levels for potassium phosphonates* [Ráiteas eolaíoch maidir leis na huasleibhéil iarmhair le haghaidh fosfónáití potaisiam] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(7):7400).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

([7]) *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels in leeks and spring onions/green onions/Welsh onions resulting from the use of potassium phosphonates* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú na n-uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh foiseitile/aigéad fosfónach i gcainneanna agus in oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil de thoradh úsáid fosfónáití potaisiam] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(5):8033).

(32) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as na leasuithe a chomhlíonadh.

(33) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, beidh feidhm aige go fóill maidir le táirgí a cuireadh ar an margadh san Aontais roimh an 29 Aibreán 2025.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 29 Aibreán 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear na colúin seo a leanas le haghaidh foiseitile agus aigéad fosfónach leis:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Foiseitil	Aigéad fosfónach agus a shalainn, arna sloinneadh mar aigéad fosfónach (R)
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	(+)	
0110000	**Torthaí citris**	(+)	**100**
0110010	Seadóga	(+)	(+)
0110020	Oráistí	(+)	(+)
0110030	Líomóidí	(+)	
0110040	Líomaí	(+)	
0110050	Mandairíní	(+)	
0110990	Eile (2)	(+)	
0120000	**Cnónna crann**	(+)	
0120010	Almóinní	(+)	**1 000**
0120020	Cnónna Brasaíleacha	(+)	**400**
0120030	Cnónna caisiú	(+)	**400**
0120040	Castáin	(+)	**1 000**
0120050	Cnónna cócó	(+)	**400**
0120060	Cnónna coill	(+)	**1 000**
0120070	Macadaimia	(+)	**400**
0120080	Cnónna peacáin	(+)	**400**
0120090	Eithní cnónna péine	(+)	**400**
0120100	Cnónna pistéise	(+)	**1 000**
0120110	Gallchnónna	(+)	**1 000**

(1)	(2)	(3)	(4)
0120990	Eile (2)	(+)	**400**
0130000	**Torthaí póma**	(+)	**70**
0130010	Úlla	(+)	(+)
0130020	Piorraí	(+)	(+)
0130030	Cainchí	(+)	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	(+)	
0130050	Locuatanna	(+)	
0130990	Eile (2)	(+)	
0140000	**Torthaí cloiche**	(+)	
0140010	Aibreoga	(+)	**60**
0140020	Silíní (iad milis)	(+)	**8**
0140030	Péitseoga	(+)	**60**
0140040	Plumaí	(+)	**8**
0140990	Eile (2)	(+)	**8**
0150000	**Caora agus torthaí beaga**	(+)	
0151000	(a) **fíonchaora**	(+)	
0151010	Fíonchaora boird	(+)	100
0151020	Fíniúnacha coiteanna	(+)	**150**
0152000	(b) **sútha talún**	(+)	**70**
0153000	(c) **torthaí cána**	(+)	
0153010	Sméara dubha	(+)	**200**
0153020	Eithreoga	(+)	**80**
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	(+)	**200**
0153990	Eile (2)	(+)	**80**
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**	(+)	
0154010	Fraocháin	(+)	**150**
0154020	Mónóga	(+)	**1,5** (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	(+)	**150**
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	(+)	**150**
0154050	Mogóirí róis	(+)	**1,5** (*)
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	(+)	**1,5** (*)
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	(+)	50
0154080	Caora troim	(+)	**60**
0154990	Eile (2)	(+)	**1,5** (*)
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ar a bhfuil**	(+)	
0161000	(a) **craiceann inite**	(+)	
0161010	Dátaí	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0161020	Figí	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0161030	Ológa boird	(+)	**80**
0161040	Cumcuait	(+)	**3 (+)**
0161050	Torthaí réaltúla	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	(+)	50
0161070	Plumaí láva	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0161990	Eile (2)	(+)	**1,5** (*)
0162000	(b) **craiceann do-ite, iad beag**	(+)	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	(+)	**150**
0162020	Lítsíonna	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0162030	Páiseoga	(+)	**20 (+)**
0162040	Piorraí deilgneacha	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0162050	Réalt-úlla	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0162990	Eile (2)	(+)	**1,5** (*)
0163000	(c) **craiceann do-ite, iad mór**	(+)	
0163010	Abhacáid	(+)	**50**
0163020	Bananaí	(+)	**1,5** (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0163030	Mangónna	(+)	**1,5** (*)
0163040	Papánna	(+)	**3 (+)**
0163050	Pomagránaití	(+)	**70**
0163060	Céiriomoighe	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0163070	Guábhaí	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0163080	Anainn	(+)	**20 (+)**
0163090	Torthaí aráin	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0163100	Dúraígh	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0163110	Úlla deilgneacha	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0163990	Eile (2)	(+)	**1,5** (*)
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**	(+)	
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	(+)	
0211000	(a) **prátaí**	(+)	**150 (+)**
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	(+)	**1,5** (*)
0212010	Casabhaigh	(+)	(+)
0212020	Prátaí milse	(+)	
0212030	Ionaim	(+)	(+)
0212040	Ararút	(+)	(+)
0212990	Eile (2)	(+)	
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	(+)	
0213010	Meacain bhiatais	(+)	**1,5** (*)
0213020	Meacain dhearga	(+)	**1,5** (*)
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	(+)	**6**
0213040	Meacain ragaim	(+)	**150**
0213050	Bliosáin ghréine	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0213060	Meacain bhána	(+)	**6 (+)**
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	(+)	**4 (+)**
0213080	Raidisí	(+)	**40**

(1)	(2)	(3)	(4)
0213090	Salsabh	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0213100	Svaeideanna	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0213110	Tornapaí	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0213990	Eile (2)	(+)	**1,5** (*)
0220000	**Glasraí bleibíní**	(+)	
0220010	Gairleog	(+)	**20**
0220020	Oinniúin	(+)	**40**
0220030	Seallóidí	(+)	**20**
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	(+)	**10**
0220990	Eile (2)	(+)	**10**
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	(+)	
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**	(+)	
0231010	Trátaí	(+)	**70**
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha	(+)	**70**
0231030	Ubhthorthaí	(+)	**70**
0231040	Ocra	(+)	**1,5** (*)**(+)**
0231990	Eile (2)	(+)	**70**
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite orthu**	(+)	**80**
0232010	Cúcamair	(+)	
0232020	Gircíní	(+)	
0232030	Cúirséid	(+)	
0232990	Eile (2)	(+)	
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite orthu**	(+)	**60 (+)**
0233010	Mealbhacáin	(+)	(+)
0233020	Puimcíní	(+)	(+)
0233030	Mealbhacáin uisce	(+)	(+)
0233990	Eile (2)	(+)	(+)

(1)	(2)	(3)	(4)
0234000	(d) **arbhar milis**	(+)	**1,5** (*)
